Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 30 Samhain 2023**
**(OR. en)**

**15971/23**

**SAN 699**
**SOC 823**
**EMPL 590**
**RECH 529**
**JEUN 275**
**EDUC 463**
**CULT 170**
**DIGIT 279**
**ENV 1378**
**ECOFIN 1280**
**FIN 1240**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 15053/23 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir leis an meabhairshláinte |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí thuasluaite ón gComhairle, a d'fhormheas Comhairle EPSCO (Sláinte) ag an gcruinniú a bhí aici an 30 Samhain 2023.

## Conclúidí ón gComhairle maidir leis an meabhairshláinte

**Réamhrá**

San am sular thosaigh paindéim COVID-19, bhí fadhbanna meabhairshláinte ag 84 mhilliún duine san Aontas, i.e. saoránach as gach seisear, agus EUR 600 billiún nó 4 % de OTI[1] an costas a bhain leis sin.

De réir na hEagraíochta Domhanda Sláinte (EDS), sa chéad bhliain de phaindéim COVID-19, tháinig méadú 25 % ar leitheadúlacht dhomhanda na himní agus an dúlagair. Bhí tionchar ar leith ag an bpaindéim ar mheabhairshláinte daoine óga. Ina theannta sin, is mó an tionchar a bhí aici ar na mná ná mar a bhí aici ar na fir agus, maidir leo siúd ar a bhfuil galair neamhtheagmhálacha, is mó an seans ann go dtiocfadh siomptóim neamhord meabhrach orthu.

Is ann do dhúshláin eile freisin, mar shampla an cogadh foghach atá á chur ag an Rúis ar an Úcráin, an ghéarchéim aeráide, rátaí dífhostaíochta ardaitheacha agus costas maireachtála atá ag dul i méid, chomh maith leis an mbrú a bhaineann le cúrsaí digiteacha agus leis na meáin sóisialta, agus tá curtha ag na dúshláin sin le drochleibhéil meabhairshláinte a bhí olc go leor cheana féin, go háirithe i gcás leanaí agus daoine óga, agus i gcás daoine a bhfuil fadhbanna meabhairshláinte acu.

Ní mór an mheabhairshláinte a fheabhsú ar mhaithe leis an duine aonair, ar mhaithe leis an tsochaí agus ar mhaithe leis an ngeilleagar. Faoi Airteagal 35 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh[2], tá ag gach duine an ceart chun rochtain a fháil ar chúram sláinte coisctheach agus an ceart chun tairbhiú de chóireáil leighis faoi na coinníollacha a bhunaítear le dlíthe agus cleachtais náisiúnta. Déanfar ardleibhéal cosanta le haghaidh sláinte an duine a áirithiú i sainiú agus i gcur chun feidhme bheartais agus ghníomhaíochtaí uile an Aontais.

---

1 OECD/an tAontas Eorpach (2018), *Health at a Glance*: *Europe 2018: State of Health in the EU Cycle*, [An tSláinte i mBeagán Focal: An Eoraip 2018: Staid na Sláinte i dTimthriall an Aontais Eorpaigh], Foilsitheoireacht ECFE, Páras/an tAontas Eorpach, an Bhruiséil, https://doi.org/10.1787/health_glance_eur-2018-en

2 Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (2000/C 364/01), Iris Oifigiúil na gComhphobal Eorpach: https://www.europarl.europa.eu/charter/pdf/text_ga.pdf

I mí an Mheithimh 2023, ghlac an Coimisiún an Teachtaireacht maidir le cur chuige cuimsitheach i leith na meabhairshláinte chun tacú leis na Ballstáit agus le páirtithe leasmhara agus aghaidh á tabhairt acu ar dhúshláin i réimse na meabhairshláinte san Aontas. Sonraítear ann trí threoirphrionsabal ar cheart feidhm a bheith acu maidir le gach saoránach den Aontas: (i) rochtain a bheith aige ar chosc leordhóthanach agus éifeachtach, (ii) rochtain a bheith aige ar chúram sláinte agus cóireáil mheabhrach ar ardchaighdeán agus ar phraghas réasúnta, agus (iii) a bheith in ann athimeascadh sa tsochaí arís tar éis téarnaimh[3].

Leis an Teachtaireacht sin ón gCoimisiún agus leis na gníomhaíochtaí atá á bhforbairt ag na Ballstáit, cuirtear bonn ar fáil do chur chuige nua i leith na meabhairshláinte atá cuimsitheach, a chuireann chun cinn agus a chosnaíonn an dea-bhail, atá bunaithe ar chosc, agus atá dírithe, lena chois sin, ar an iliomad páirtithe leasmhara.

**DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID A LEANAS:**

1. AGUS Bunreacht EDS Á AITHINT AICI, ina luaitear gur staid iomlán dea-bhaile fisicí, meabhrach agus sóisialta í an tsláinte agus nach leor ann féin gan galar nó míchumas a bheith ar dhuine agus go bhfuil sé ar cheann de na cearta bunúsacha atá ag gach duine daonna go bhféadfadh sé an caighdeán ab airde ab fhéidir ó thaobh na sláinte de a bhaint amach.

2. AGUS É Á AITHINT AICI, i ndáil leis an meabhairshláinte, gur staid dea-bhaile meabhrach í lena gcuirtear ar chumas daoine dul i ngleic le strus an tsaoil, a gcumas a bhaint amach, foghlaim go maith agus oibriú go maith, agus rannchuidiú leis an bpobal[4].

3. DE BHRÍ GUR cheart rochtain a bheith ag gach duine, gan idirdhealú, ar sheirbhísí cúraim sláinte riachtanacha ar ardchaighdeán, mar chuid de chumhdach sláinte uilíoch, agus mar a aithnítear i gClár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe do Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 3[5].

---

3 COM(2023) 298. Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le cur chuige cuimsitheach i leith na meabhairshláinte.

4 An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, Bileoga Eolais EDS, *Mental health: strengthening our response*, 2022.

5 Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe. Sprioc 3: Saol sláintiúil a áirithiú agus dea-bhail a chur chun cinn do chách gan beann ar aois: https://www.un.org/sustainabledevelopment/health/

4. DE BHRÍ GUR cheart deis a bheith ag gach duine, lena n-áirítear leanaí agus daoine óga, teacht i méadaíocht agus cónaí a dhéanamh faoi dhálaí agus i suíomhanna a chuireann an mheabhairshláinte chun cinn agus a thacaíonn léi.

5. AGUS É Á ADMHÁIL AICI go bhfuil ról tábhachtach ag teaghlaigh chun dea-bhail mheabhrach leanaí a chothú agus é á aithint aici gur measa na fadhbanna meabhairshláinte a bhíonn ag leanaí a chaith seal in institiúid nó atá in easpa dídine.

6. ÓS DÍOL SÁSAIMH DI an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le cur chuige cuimsitheach i leith na meabhairshláinte, a glacadh an 7 Meitheamh 2023, chomh maith leis na deiseanna cistiúcháin dar luach breis agus EUR 1.2 billiún agus an 20 tionscnamh suaitheanta arb é is aidhm dóibh tacú leis na Ballstáit agus le páirtithe leasmhara chun feabhas suntasach a chur ar mheabhairshláinte na saoránach.

7. AGUS É Á AITHINT AICI a ábhartha atá sé feabhas a chur ar cháilíocht saoil daoine ag a bhfuil fadhbanna meabhairshláinte, agus ar cháilíocht saoil a dteaghlaigh agus a gcúramóirí foirmiúla agus neamhfhoirmiúla, agus béim ar leith á leagan ar aghaidh a thabhairt ar an stiogma agus ar an idirdhealú mar a luaitear sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le cur chuige cuimsitheach i leith na meabhairshláinte.

8. AGUS an rún ó Pharlaimint na hEorpa an 5 Iúil 2022 maidir leis an meabhairshláinte i saol digiteach na hoibre[6] Á THABHAIRT DÁ hAIRE.

9. AGUS na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an meabhairshláinte agus obair fhorbhásach Á dTABHAIRT DÁ hAIRE, lena dtéitear i ngleic leis na hidirnaisc idir an mheabhairshláinte agus an obair[7].

10. AGUS an meath suntasach ar mheabhairshláinte an phobail de dheasca phaindéim COVID-19 Á AITHINT AICI[8].

---

[6] Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 5 Iúil 2022 maidir leis an meabhairshláinte i saol digiteach na hoibre (IO C 47, 7.2.2023, lch. 63).

[7] https://www.consilium.europa.eu/ga/documents-publications/public-register/council-concl/

[8] ECFE (2021), *Tackling the mental health impact of the COVID-19 crisis: An integrated, whole-of-society response*, [Dul i ngleic le tionchar meabhairshláinte ghéarchéim COVID-19: freagairt chomhtháite uile-shochaí], Freagairtí Beartais ón ECFE ar an gCoróinvíreas (COVID-19), Foilsitheoireacht ECFE, Páras, https://doi.org/10.1787/0ccafa0b-en

11. AGUS É Á ADMHÁIL AICI gur féidir leis an uaigneas dul i ndíobháil go trom ar an meabhairshláinte. San Aontas, mar thoradh ar an bpaindéim, mhéadaigh líon na ndaoine ar a raibh uaigneas sna réigiúin éagsúla idir 22 % agus 26 %[9].

12. AGUS an Tuarascáil ar thoradh deiridh na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa[10] Á TABHAIRT DÁ hAIRE, inar iarradh go gcuirfí feabhas ar an tuiscint ar fhadhbanna meabhairshláinte agus go n-aimseofaí bealaí chun aghaidh a thabhairt orthu, lena n-áirítear plean gníomhaíochta maidir leis an meabhairshláinte a fhorbairt lena soláthrófaí straitéis fhadtéarmach mheabhairshláinte san Aontas, lena n-áirítear na gnéithe a leanas: taighde, dul i ngleic leis an tsaincheist maidir le hinfhaighteacht gairmithe, grúpaí sonracha (leanaí agus daoine óga mar shampla), agus bliain Eorpach tiomnaithe don mheabhairshláinte a bhunú go luath.

13. AGUS É Á THABHAIRT DÁ hAIRE gur croílár chur chuige na meabhairshláinte i ngach beartas lena rannchuidítear le bacainní sa bheartas meabhairshláinte a bhriseadh an Moladh ó Chomhairle ECFE maidir le Beartas Comhtháite i dtaca le Meabhairshláinte, Scileanna agus Obair, moladh ina dtugtar comhairle maidir le prionsabail bheartais i gcórais sláinte, córais oideachais agus óige, ionaid oibre agus córais leasa[11].

14. AGUS an tuarascáil 'An tSláinte i mBeagán Focal: An Eoraip 2022' Á TABHAIRT DÁ hAIRE dar conclúid go bhfuil sé ráite ag duine as gach beirt de dhaoine óga Eorpacha idir 18 mbliana agus 29 mbliana d'aois go bhfuil riachtanais cúraim meabhairshláinte neamhriartha orthu, gur mó ná faoi dhó a mhéadaigh siomptóim na himní agus an dúlagair ar dhaoine óga i roinnt tíortha Eorpacha le linn na paindéime agus go bhfuil méadú scanrúil tagtha ar rátaí tuairiscithe an idéú féinmharfaigh (smaointe féinmharaithe)[12].

---

[9] Baarck, J., Balahur, A., Cassio, L., d'Hombres, B., Pásztor, Z., Tintori, G., *Loneliness in the EU – Insights from surveys and online media data* [An t-uaigneas san Aontas - léargais ó shuirbhéanna agus sonraí meán ar líne], EUR 30765 EN, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2021, ISBN 978-92-76-40246-6, doi:10.2760/28343, JRC125873

[10] Comhdháil ar Thodhchaí na hEorpa. Tuarascáil ar an toradh deiridh. Bealtaine 2022. Ar fáil anseo: https://commission.europa.eu/strategy-and-policy/priorities-2019-2024/new-push-european-democracy/conference-future-europe_ga

[11] Moladh ó Chomhairle ECFE maidir le Beartas Comhtháite i dtaca le Meabhairshláinte, Scileanna agus Obair], OECD/LEGAL/0420 (2022)

[12] OECD/an tAontas Eorpach (2022), *Health at a Glance*: Europe 2022:[Sracfhéachaint ar an tsláinte: An Eoraip 2018] *State of Health in the EU Cycle*, [Staid na Sláinte i dTimthriall an Aontais Eorpaigh], Foilsitheoireacht ECFE, Páras/an tAontas Eorpach, an Bhruiséil, https://doi.org/10.1787/health_glance_eur-2018-en

15. AGUS éifeachtaí na géarchéime agus na héigeandála sláinte atá ar siúl faoi láthair Á AITHINT AICI, lena n-áirítear an cogadh foghach san Úcráin agus sna tíortha a ghlac le dídeanaithe, as a n-eascraíonn meath ar an meabhairshláinte agus ar an tsláinte shíceasóisialta[13] agus go bhfuil gá le freagairt dhaonnúil agus cúnamh daonnúil i dtaca le tacaíocht shíceasóisialta, lena n-áirítear i gcásanna d'fhoréigean gnéis agus cineálacha eile foréigin inscnebhunaithe.

16. AGUS É Á AITHINT AICI gur gá soláthar seirbhísí meabhairshláinte a aistriú go héifeachtach ó sheirbhísí ospidéallárnaithe chuig seirbhísí cuimsitheacha comhtháite meabhairshláinte agus cúraim shóisialta i suíomhanna pobalbhunaithe[14].

17. AGUS É Á AITHINT AICI go mbíonn tionchar diúltach ag tosca sóisialta, eacnamaíocha agus comhshaoil lena n-áirítear tubaistí nádúrtha ar an meabhairshláinte agus go méadaíonn siad an gá atá le tacaíocht shíceasóisialta.

18. AGUS Conclúidí 2019 ón gComhairle maidir le Geilleagar na Dea-Bhaile Á MEABHRÚ AICI, ina n-iarrtar ar an gCoimisiún Straitéis Mheabhairshláinte a mholadh don Aontas[15].

19. AGUS É Á AITHINT AICI go meastar go bhfuil ganntanas oibrithe sláinte san Aontas agus go bhfuil ganntanas gairmithe meabhairshláinte i roinnt Ballstát, agus nach mór infheistíocht a dhéanamh sa lucht saothair sláinte freisin chun infheistíocht a dhéanamh sa tsláinte.

20. ÓS DÍOL SÁSAIMH DI an treoirphlean (sraith stráitéisí) le haghaidh cur chuige ildisciplíneach i leith fothú acmhainneachta meabhairshláinte, a bhfuil sé á bheartú ag an gCoimisiún a sheoladh in 2024, ina dtugtar aghaidh ar an tsaincheist sin.

---

**13** Comhthionól Domhanda Sláinte, 75. (2022). An 75ú Comhthionól Domhanda Sláinte: an Ghinéiv: an 22-28 Bealtaine 2022: rúin agus cinntí, iarscríbhinní. An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte. https://apps.who.int/iris/handle/10665/365610. Rún WHA 75.11.

**14** Plean gníomhaíochta cuimsitheach meabhairshláinte 2013–2030. an Ghinéiv: An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte; 2021. Ceadúnas:CC BY-NC-SA 3.0 IGO.

**15** Conclúidí ón gComhairle maidir le geilleagar na dea-bhaile: https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-13432-2019-INIT/ga/pdf

21. ÓS DÍOL SÁSAIMH DI an dul chun cinn atá déanta ag na Náisiúin Aontaithe sa Choinbhinsiún ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas ina gcuirtear i bhfios go láidir gur sárú ar chearta bunúsacha an duine é leatrom a dhéanamh ar dhaoine toisc míchumas fisiceach nó meabhrach a bheith orthu, agus, lena chois sin, an dul chun cinn atá déanta ag EDS, mar shampla leis an tionscnamh *QualityRights* [Cearta ardcháilíochta] ina moltar uirlisí chun measúnú a dhéanamh ar urramú na gceart i seirbhísí meabhairshláinte agus uirlisí oiliúna, mar shampla an cúrsa ríomhoiliúna dar teideal *Mental Health, Recovery and Community Inclusion* [Meabhairshláinte, téarnamh agus cuimsiú an phobail], arb é is aidhm dó an stiogma a chomhrac.

22. AGUS an Plean Gníomhaíochta Cuimsitheach Meabhairshláinte 2023-2030 ón Eagraíocht Dhomhanda Sláinte agus a chuspóir uimhir 2 Á dTABHAIRT DÁ hAIRE AICI, ina suitear an gá atá le seirbhísí meabhairshláinte agus cúraim shóisialta cuimsitheacha comhtháite freagrúla a chur ar fáil i suíomhanna pobalbhunaithe.

23. AGUS creat Eorpach EDS um ghníomhaíocht ar mheabhairshláinte 2021–2025 Á THABHAIRT DÁ hAIRE lena léirítear gur cailleadh thart ar 119000 duine ar fud réigiún na hEorpa in 2019 mar gheall ar fhéinmharú, arb é an dara cúis bháis is coitianta i gcás daoine óga (15 bliana-29 mbliana d'aois)[16].

24. AGUS É Á AITHINT AICI go mbaineann fadhbanna meabhairshláinte le go leor cineálacha neamhionannais, mar shampla, i gcás daoine i staideanna leochaileacha, mionlaigh, grúpaí imeallaithe agus daoine faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch lena n-áirítear iad siúd atá ina gcónaí in áitreabh de chuid seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh, iad siúd atá uaigneach agus atá scoite go sóisialta, leanaí agus daoine óga, daoine scothaosta, mná, daoine LGBTI[17], othair ailse, daoine faoi mhíchumas, dídeanaithe, imircigh, príosúnaigh agus daoine atá gan dídean. AGUS É Á AITHINT AICI ina theannta sin, i gcomhréir le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe, go bhfuil peirspictíocht an chomhionannais inscne agus an prionsabal nach bhfágfaí aon duine ar lár ríthábhachtach chun aghaidh a thabhairt ar an neamhionannas i réimse na meabhairshláinte.

---

[16] *WHO European framework for action on mental health 2021–2025* [creat Eorpach EDS um ghníomhaíocht ar mheabhairshláinte 2021–2025]. Cóbanhávan: Oifig Réigiúnach na hEagraíochta Domhanda Sláinte don Eoraip; 2022. Ceadúnas: CC BY-NC-SA 3.0 IGO. https://www.who.int/europe/publications/i/item/9789289057813

[17] Féach an Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal *Union of Equality: LGBTIQ Equality Strategy 2020-2025* [Straitéis um chomhionannas LGBTIQ 2020-2025] (COM(2020) 698 final)

25. AGUS É Á AITHINT AICI go mbaineann fadhbanna meabhairshláinte le tosca sláinte (mar shampla rochtain ar chúram sláinte, tosca bitheolaíocha agus síceolaíocha, cothú agus gníomhaíocht choirp, caitheamh alcóil, tobac agus drugaí aindleathacha), chomh maith le tosca comhshaoil, pleanála uirbí, aeráide, sóisialta, cultúrtha, eacnamaíocha agus tráchtála.

26. AGUS É Á AITHINT AICI, ach tosca cosanta a neartú, mar shampla spórt agus aclaíocht choirp rialta mar aon le rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí cultúrtha, gur féidir an mheabhairshláinte agus an dea-bhail i gcoitinne a fheabhsú agus an baol go mbeidh riochtaí meabhairshláinte ar dhaoine a laghdú;[18]

27. AGUS É Á AITHINT AICI an túştuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ó 2023 maidir le 'Bearta chun an mheabhairshláinte a fheabhsú' lena dtacaítear le forbairt córas meabhairshláinte duinelárnach lena gcumhachtaítear an duine aonair[19].

28. AGUS É Á AITHINT AICI go bhfuil nasc bunúsach idir an mheabhairshláinte agus an tsláinte choirp agus gur mó an baol atá ann do dhaoine a bhfuil fadhb thromchúiseach mheabhairshláinte acu go mbeidh raon leathan riochtaí ainsealacha coirp orthu agus go bhfuil ionchas saoil acu atá idir 10 agus 20 bliain níos ísle fiú ná mar atá ag an bpobal i gcoitinne[20].

29. AGUS BÉIM Á LEAGAN AICI AR A THÁBHACHTAÍ ATÁ SÉ an Coinbhinsiún ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas A CHUR CHUN FEIDHME, go háirithe maidir le daoine a bhfuil fadhbanna meabhairshláinte acu a chosaint.

30. AGUS É Á MHEABHRÚ AICI a thábhachtaí atá sé obair leantach a dhéanamh ar na moltaí a leagtar amach sa mholadh Rec (2004) 10 ó Choiste Airí Chomhairle na hEorpa maidir le cearta an duine agus dínit daoine a bhfuil neamhoird mheabhrach orthu a chosaint[21].

---

18 Tuarascáil ó CultureForHealth. *Culture's contribution to health and well-being: a report on evidence and policy recommendations for Europe* [An méid a chuireann an cultúr leis an tsláinte agus leis an dea-bhail: tuarascáil ar fhianaise agus ar mholtaí beartais don Eoraip]. Final_C4H_FullReport_small.pdf (cultureforhealth.eu)

19 SOC/760-EESC-2023

20 *WHO Guidelines for the management of physical health conditions in adults with severe mental disorders* [Treoirlínte EDS maidir le riochtaí sláinte coirp na ndaoine fásta a bhfuil droch-neamhoird mheabhrach orthu a bhainistiú]. an Ghinéiv: An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte; 2018. Ceadúnas: CC BY-NC-SA 3.0 IGO. https://iris.who.int/bitstream/handle/10665/275718/9789241550383-eng.pdf

21 https://www.coe.int/t/dg3/healthbioethic/Activities/08_Psychiatry_and_human_rights_en/Rec(2004)10%20EM%20E.pdf

31. AGUS Meastóireacht ar sheirbhísí meabhairshláinte, ar meastóireacht bunaithe ar chearta an duine í, Á CUR CHUN CINN AICI trí úsáid a bhaint, *inter alia*, as sraith straitéisí EDS maidir le cearta cáilíochta.

**IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:**

(a) Tús áite a thabhairt do bheartais agus seirbhísí comhtháite lena dtugtar aghaidh ar an meabhairshláinte agus ar an dea-bhail agus A MARANA A DHÉANAMH AR phleananna gníomhaíochta nó straitéisí a leagan amach chun dul i ngleic leis na hábhair is práinní agus is forleithne, mar shampla:

1. Cur chuige uile-beartas meabhairshláinte a chur chun feidhme a chlúdódh níos mó ná an tsláinte féin agus lena n-áirítear gnéithe a bhaineann go sonrach le príomhearnálacha eile ina dtosca ábhartha, mar shampla an fhostaíocht, an t-oideachas, an digiteáil (lena n-áirítear éifeachtaí na hintleachta saorga), an chosaint shóisialta, an tslándáil airgeadais, an taighde, an tithíocht, an phleanáil uirbeach, an rochtain ar chultúr, na meáin agus an chumarsáid, an comhshaol agus an aeráid;

2. Na tosca sóisialta, comhshaoil agus eacnamaíocha a bhaineann leis an meabhairshláinte a aithint;

3. Feabhas a chur ar an oideachas maidir le litearthacht na meabhairshláinte ó luath-aoiseanna agus do thuismitheoirí freisin, go háirithe trí úsáid a bhaint as an gCód Eorpach um Meabhairshláinte[22] atá le forbairt ó 2024 ar aghaidh;

4. An mheabhairshláinte agus an dea-bhail a chur chun cinn i gcomhthéacsanna éagsúla sa saol agus béim á leagan ar thosca cosantacha a neartú ar mhaithe leis an dea-mheabhairshláinte agus le teacht aniar meabhairshláinte mar shampla a bheith rannpháirteach sa spórt agus sa chultúr;

5. Fadhbanna meabhrach a chosc (lena n-áirítear féinmharú, féindochar agus dúlagar a chosc) i gcomhthéacsanna éagsúla mar shampla scoileanna, ionaid oibre, ionaid cúraim sláinte, comharsanachtaí, pobail, lena n-áirítear meascán d'idirghabhálacha coisctheacha agus bearta beartais uilíocha, idir roghnaitheach agus táscach;

[22] Iarraidh HaDEA ar pháirtithe leasmhara Cód le haghaidh na meabhairshláinte a bhunú: Cistiú & tairiscintí (europa.eu)

6. Feabhas a chur ar chórais agus seirbhísí meabhairshláinte chun freagairt ar na riachtanais a chuireann daoine a bhfuil fadhbanna meabhairshláinte acu in iúl, chun gur féidir cumhdach uilíoch cúraim sláinte ar ardchaighdeán a bhaint amach;

7. Feabhas a chur ar rochtain thráthúil agus chothrom ar chúram meabhairshláinte éifeachtach sábháilte agus feabhas a chur ar chomhordú an chúraim sin, agus an luathdhiagnóisiú agus an cúram comhtháite a chur chun cinn trí sheirbhísí meabhairshláinte pobalbhunaithe atá dírithe ar an téarnamh;

8. Cleachtas fianaisebhunaithe a chur chun cinn i gcúram agus seirbhísí meabhairshláinte agus cóireáil treoirbhunaithe lena n-áirítear cosc a chur ar an ilchógaisíocht, nuair is féidir;

9. Cosc, luathbhrath agus cúram a chur chun cinn i gcás daoine a bhfuil iompar féinmharfach ar siúl acu nó i gcás daoine atá ag fulaingt de dheasca iarmhairtí an fhéinmharaithe;

10. Gníomhaíochtaí a fhorbairt chun dul i ngleic leis an uaigneas sa phobal i gcoitinne, ina ndírítear ar ghrúpaí atá i mbaol uaignis;

11. Cur i bhfeidhm éifeachtach reachtaíocht an Aontais agus na reachtaíochta náisiúnta atá ann cheana a áirithiú chun sábháilteacht agus sláinte ag an obair a ráthú agus an mheabhairshláinte a chur chun cinn, rioscaí síceasóisialta a chosc agus a bhainistiú agus acmhainní meabhairshláinte a neartú san ionad oibre;

12. Gníomhaíochtaí a chur chun cinn chun go mbeidh meabhairshláinte mhaith ag gairmithe sláinte nó meabhairshláinte na ngairmithe sláinte sin a neartú;

13. An mheabhairshláinte, forbairt scileanna foghlama sóisialta agus mothúchánaí, agus luathbhrath agus scagthástáil san oideachas a chur chun cinn chun tacú le meabhairshláinte leanaí agus daoine óga agus chun í a bhainistiú agus a chur chun cinn;

14. Rochtain ar sheirbhísí meabhairshláinte speisialaithe a chur chun cinn do leanaí scoile;

15. Tacú le lucht saothair idirdhisciplíneach meabhairshláinte a fhorbairt agus a bhunú, lena gcomhtháthófar gach príomhghort chun cur chuige iomlánaíoch a chur ar fáil maidir le cur chun cinn, cosc, cóireáil agus cúram;

16. Sonraí agus faisnéis atá cothrom le dáta agus inchomparáide a bhailiú go rialta chun faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn agus chun infheistíochtaí a threorú i réimsí inar gá dul chun cinn a dhéanamh trí chomhordú idirnáisiúnta;

17. Gníomhaíochtaí a neartú chun daoine a ath-imeascadh sa tsochaí, sa lucht saothair agus i bpróisis chinnteoireachta le haghaidh beartais mheabhairshláinte agus, a mhéid is féidir, athiompú a sheachaint i ndiaidh dí-institiúidiú nó ath-imeascadh;

18. A marana a dhéanamh ar fhoireann ildisciplíneach a chruthú i ngach Ballstát a mbeidh de chúram uirthi a áirithiú go gcuirfear an mheabhairshláinte san áireamh i ngach beartas chun obair leantach lena ngabhann táscairí a dhéanamh ar chur chun feidhme na mbeartas meabhairshláinte.

**IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN AN MÉID A LEANAS A DHÉANAMH:**

(a) TACÚ LE beartais na mBallstát maidir leis an meabhairshláinte trí leanúint de thacaíocht a thabhairt do na Ballstáit agus an Teachtaireacht maidir le cur chuige cuimsitheach i leith na meabhairshláinte agus na 20 tionscnamh suaitheanta a ghabhann léi á gcur chun feidhme;

(b) Doiciméad forléargais A THÍOLACADH maidir leis na tionscnaimh shuaitheanta a cuireadh i láthair sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Cur Chuige Cuimsitheach i leith na Meabhairshláinte ina n-áireofaí freisin clár ama chun gach tionscnamh suaitheanta a chur chun feidhme agus an buiséad airgeadais leithdháilte;

(c) An mheabhairshláinte a neartú i ngach beartas trí shineirgí a áirithiú laistigh den Choimisiún agus trí chomhordú a dhéanamh le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus le páirtithe leasmhara ábhartha maidir le gníomhaíochtaí, uirlisí agus cistiú a bhaineann leis an meabhairshláinte;

(d) FAIREACHÁN agus ANAILÍS A DHÉANAMH AR éifeachtacht agus torthaí chur chun feidhme tionscnamh suaitheanta mar a shainítear sa Teachtaireacht ón gCoimisiún de réir na dtáscairí arna gcomhaontú go hidirnáisiúnta sna Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe agus i spriocanna EDS i ndlúthchomhar leis na Ballstáit tríd an nGrúpa Saineolaithe um an tSláinte Phoiblí agus go háirithe a fhoghrúpa maidir leis an meabhairshláinte;

(e) Tuiscint ar fhadhbanna meabhairshláinte a spreagadh, feasacht a mhúscailt agus malartú dea-chleachtas a chur chun cinn mar a leagtar amach sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Cur Chuige Cuimsitheach i leith na Meabhairshláinte;

(f) Tacú leis na Ballstáit agus gníomhaíochtaí a chomhordú tríd an gclár EU4Health, chomh maith le tionscnaimh eile, mar shampla an Grúpa Saineolaithe um an tSláinte Phoiblí, lena n-áirítear a fhoghrúpa maidir leis an meabhairshláinte;

(g) AIRD AR LEITH a thabhairt ar ghrúpaí leochaileacha agus ar grúpaí atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch;

(h) Deiseanna cistiúcháin éagsúla an Aontais le haghaidh gníomhaíochtaí sonracha i réimse na meabhairshláinte a chur chun cinn agus a dhéanamh níos infheicthe, agus aird chuí á tabhairt ar na féidearthachtaí sin a chomhoiriúnú do riachtanais agus éilimh na mBallstát;

(i) Tionscnaimh A CHUR CHUN CINN chun tacú le feachtais mheabhairshláinte agus chumarsáide san Aontas trí bhliain Eorpach na meabhairshláinte, ba cheart a bheith ar siúl tráth nach déanaí ná 2029;

(j) Na cláir ildisciplíneacha oiliúna agus mhalartaithe A CHUR CHUN FEIDHME do ghairmithe sláinte agus cúraim shóisialta agus do ghairmithe eile a bhíonn i dteagmháil le daoine i gcásanna éagsúla (mar shampla gairmithe a bhíonn ag obair i scoileanna nó ionaid cúraim lae, oiliúnóirí, lucht gnó slándála) chun tacú lena gcuid scileanna meabhairshláinte agus le cáilíocht an chúraim agus an méid sin a chur chun cinn, chomh maith leis an teacht aniar meabhairshláinte atá acu a neartú.

**IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT AGUS AR AN gCOIMISIÚN AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:**

(a) LEANÚINT DE bheith ag bogadh i dtreo cur chuige cuimsitheach i leith na meabhairshláinte in 2024 agus ina dhiaidh sin;

(b) Dearadh agus cur chun feidhme gníomhaíochtaí agus moltaí A SPREAGADH i bhfoirm Plean Gníomhaíochta de chuid an Aontais a bheidh bunaithe ar an dea-bhail a chur chun cinn i ngach grúpa den phobal i ngach aoisghrúpa, a mhéid a bhaineann le fadhbanna meabhairshláinte a chosc agus teacht aniar meabhairshláinte a fheabhsú. Ina theannta sin, ba cheart do na gníomhaíochtaí feabhas a chur ar inrochtaineacht agus cáilíocht an chúraim do dhaoine a bhfuil fadhbanna meabhairshláinte acu agus é mar sprioc dheiridh riar ar riachtanais an phobail;

(c) Cur chuige cuimsitheach A CHUR CHUN CINN maidir leis an meabhairshláinte agus an comhar trasdisciplíneach chun peirspictíochtaí beartais leathana fadtéarmacha a fheabhsú agus moltaí beartais cothroma a sholáthar;

(d) Díriú ar an neamhionannas sa mheabhairshláinte idir na Ballstáit agus laistigh díobh a laghdú agus idir grúpaí socheacnamaíocha, go háirithe iad siúd atá faoi mhíbhuntáiste, agus comhionannas agus frith-idirdhealú a chur chun cinn ina uirlis choisctheach, agus aird ar leith á tabhairt orthu siúd atá leochaileach agus imeallaithe;

(e) Comhar a spreagadh idir na Ballstáit agus an Coimisiún trí thaithí agus dea-chleachtais a mhalartú i réimse na meabhairshláinte go háirithe faoin nGrúpa Saineolaithe um an tSláinte Phoiblí;

(f) LEANÚINT DEN chomhar maidir le taithí a mhalartú agus an mheabhairshláinte a chomhtháthú i ngach beartas trí struchtúir atá ann cheana a mbíonn príomhpháirtithe leasmhara na sochaí rannpháirteach iontu, lena n-áirítear an earnáil phoiblí, an tsochaí neamhrialtasach/shibhialta, agus an earnáil phríobháideach;

(g) An stiogma meabhairshláinte A CHOMHRAC trí threoir an Aontais a fhorbairt chun fáil réidh leis an stiogma agus leis an idirdhealú, agus feasacht a mhúscailt ar fhadhbanna meabhairshláinte i ngach réimse den tsochaí;

(h) Iarrachtaí coiteanna A MHÉADÚ chun an t-idirdhealú, an fhuathchaint agus aon chineál foréigin a chomhrac, go háirithe foréigean inscnebhunaithe agus féinmharú;

(i) Rannpháirtíocht ghníomhach daoine a bhfuil taithí saoil acu (úsáideoirí seirbhíse, cúramóirí teaghlaigh, etc.) A AITHINT AGUS A CHUR CHUN CINN agus eolas nua agus eolas atá ann cheana A CHOMHTHÁTHÚ in oiliúint ildisciplíneach, athchóirithe meabhairshláinte, agus taighde agus forbairt beartais;

(j) Feidhmiú na gceart A ÉASCÚ agus eagraíochtaí meabhairshláinte á gcur ar bun.